

# Dea-bhéasa ag Cruinnithe Microsoft Teams



## **An Bord Pleanála**

64 Sráid Mhaoilbhríde,  
Baile Átha Cliath 1

Doiciméadú TFC  
Iúil 2020



Is treoir é seo do na dea-bhéasa is gá chun cruinniú sásúil éifeachtach a reachtáil ar líne, cibé cruinniú seachtrach nó inmheánach. D'oirfeadh an chomhairle sa treoir seo do dhuine ar bith a úsáideann Microsoft Teams.

### **Bí cinnte go bhfuil do ghléas lánluchtaithe**

#### **Bí in am**

Téigh isteach sa chruinniú roimh ré agus má tá fadhb cheangail agat, beidh tú in ann é a réiteach sula dtosaíonn an cruinniú.

#### **Aíonna Seachtracha**

Féach chuige go mbeidh a fhios roimh ré ag gach duine sa chruinniú go mbeidh aíonna seachtracha ag an gcruinniú.

#### **Bí balbh nuair nach bhfuil tú ag caint**

Ní chreidfeá é, ach bíonn torann cúlra ann fiú sna hoifigí agus sna seomraí is ciúine. Má chuireann tú an micreafón ar sos nuair nach bhfuil tú ag caint, is lú seans go gcuirfidh torann cúlra – fóin ag bualadh nó daoine ag clóscríobh – isteach ar an gcruinniú.

#### **Ná cuir isteach ar chainteoirí eile**

Bíonn sé deacair ciall a bhaint as cruinniú má bhíonn níos mó ná duine amháin ag caint. Gheobhaidh tú deis cainte ar ball.

#### **Ná himigh ón ábhar cainte**

Má tá rud éigin le rá agat, breac nóta faoi ionas go mbeidh tú soiléir agus beacht nuair a labhraíonn tú.

#### **Leathanaigh láithreáin a chomhroinnt**

Agus leathanaigh ghréasáin á gcomhroinnt, zúmáil isteach go bhfeice daoine an rud atá i gceist agat.

#### **Úsáid físeán nuair is féidir agus nuair a bhíonn an ceangal idirlín láidir go leor**

Is féidir d'ainm a thabhairt tríd an gceamara a chasadh air, ach an ceamara a mhúchadh nuair a thosaíonn an cruinniú agus leanúint ar aghaidh mar is gnách. Spárálfaidh sé sin bandaleithead ort.